# Tidy Towns Competition 2008

## *Adjudication Report*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Centre: | **An Spidéal** | Ref: | **220** |
| County: | **Galway** | Mark: | **262** |
| Category: | **B** | Date(s): | **11/07/2008** |

| | Maximum Mark | Mark Awarded 2008 |
|---|---|---|
| Overall Development Approach | 50 | 38 |
| The Built Environment | 50 | 35 |
| Landscaping | 50 | 36 |
| Wildlife and Natural Amenities | 50 | 26 |
| Litter Control | 50 | 37 |
| Waste Minimisation | 20 | 8 |
| Tidiness | 30 | 17 |
| Residential Areas | 40 | 26 |
| Roads, Streets and Back Areas | 50 | 32 |
| General Impression | 10 | 7 |
| **TOTAL MARK** | **400** | **262** |

### Overall Development Approach:

Chomhghairdeachas ó chroi le Coiste na mBailte Slachtmhara, An Spidéal as cur isteach ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara don bhliain 2008. Míle buíochas as an léarscáil ildaite ar caitheadh an oiread sin dúthrachta leí, as bhur bpleananna oibre don bhliain seo agus as na pictiúir a thug blaiseadh éigin den sráidbhaile roimh theacht in aon chor. Is léir ón liosta oibre atá leagtha amach agaibh don bhliain seo nach mbeidh sibh diomhaoin agus go bhfuil sibh ag tabhairt faoi na rudaí atá ina gcrá chroí don choiste. Is léir freisin go dtuigeann sibh tábhacht cabhrach ón gComhairle Chondae chun bhur spriocanna a bhaint amach. Ós rud é gur rud fadtéarmach feabhas a chur ar an sráidbhaile ba chóir go mbeadh plean níos fadtéarmaí agaibh. Tá na rudaí práinneacha idir lámha agaibh ar an bplean do 2008 ach bheadh scéimeanna níos aislingí agaibh freisin a mbeidh maoiniú á lorg agaibh dóibh. Tá sé tábhachtach dúinn go bhfeicimis na pleananna sin chomh maith. Bheimis ag súil le Plean 3-5 Bliana. Tá bhur bpobal á choimeád ar an eolas agaibh, rud atá tábhachtach chun dea-mhéin a chothú. Is maith an rud é go bhfuil sibh ag gríosadh na scoileanna chun Gradam an Bhrait Ghlais a bhaint amach. Nár laga Dia bhur ndícheall.

### The Built Environment:

Cé go bhfuil athrú mór tagtha ar shráid dreach An Spidéil le blianta beaga anuas d'éirigh leis an sráidbhaile a fhéiniúlacht a choiméad tré thionchar na farraige ar an sráidbhaile, tré thábhacht na gcrann ar an tsráid agus ins an sráidbhaile, trés na foirgnimh oidhreachta a théann go mór i bhfeidhm ar charactar na háite agus, ar deireadh, tré úsáid na Gaeilge ar na comharthaí bóthair, ar na siopaí agus i gceantar an cheardlanna. Ag an am céanna d'éirigh leis an sráidbhaile foirgnimh faiseanta nua-aimseartha a fhí isteach i bhfoirgneoireacht an tsráidbhaile gan oidhreacht na háite a ligint le sruth agus pictiúr úr, bríomhar a chruthú. Níl an sráidbhaile réabaithe le foirgnimh fholamha cé gur mór an trua an foirgneamh mór groí ag an gcrosaire mar tá sé in áit

lárnach san mbaile.  Bí cinnte go gcoiméadtar an dath ar an bhfoirgneamh seo le cótaí úra péint.  Ós ag caint ar phéint atáim,  tugann na dathanna láidre ardú croí don duine, fiú san mbáisteach.  Ní ag caint ar fhoirgnimh amháin atáim ach ar shuíocháin freisin,   buí breá tarraingteach chomh maith le dubh agus dearg láidir ar na suíocháin timpeall an trá agus sa sráidbhaile, agus an phéint nua.  Cabhraíonn na lampaí sráide go mór le híomhá faiseanta ach oidhreachta a shlánú.  Ní gá na siopaí éagsúla a lua, ar eagla masla a thabhairt, ach is ceart foirgneamh nua a thagann lean thimpeallacht a lua.  Ni hamháin go dtagann sé lena thimpeallacht ach cabhraíonn sé le híomhá an tsráidbhaile, sin an foirgneamh ina bhfuil an ceantálaí, Íomhá agus Eischeadúnas.  Thíos ag an gcé faigheann duine radharc níos fearr ar an gceantar ársa taobh thiar den eaglais, an reilig agus foirgneamh an tsean séipéil.  Gach rud ag maíomh as an aire atá á tabhairt dó. Caithfear tagairt a dhéanamh do cheantar an cheardlann…iontach.  In ionad foirgneamh mór groí a thógáil agus spás a thabhairt do gach gnó tá na foirgnimh bheaga seo a chuireann ré na dtithe beaga in úil nuair a bhíodh a gceard féin ar siúil i ngach foirgneamh.  Tá na foirgnimh phoiblí ar fad ar chaighdeán ard ach cad faoi na Gárdaí bochta?

### Landscaping:

Tá an-obair déanta thar na blianta le bláthcheapacha ag cúinní nó chun falla folamh a líonadh le dathanna agus le héagsúlacht.  Seo ana mhaith.  Cúpla sampla atá thar cinn.  An píosa talún oscailte thíos ag an dara cé an-bhreá agus an dearadh a deineadh ag an gceardlann thar bharr ar fad.  Tá an radharc tire anseo fuinte go nádúra as an aolchloch atá ag gobadh amach mar charraig Bhóirne. Obair shamhlaíoch anseo ag úsáid na cloiche agus na leibhéal éagsúla.  Sampla breá eile den úsáid is féidir a bhaint as an aoilchloch chéanna ná an dearadh a deineadh i Scoil Éinne.  An-bhreá.  Baintear úsáid éifeacht as bláthanna arís ar an tsráid chun atmasféar an tsamhraidh a chruthú.  Ach tá spota dubh in aice leis an Ionad Leighis le driseoga is uile.  Tá an fál ard ag an Ionad Leighis ana éifeachtach chun díonadh a fháil ón gceantar gnó taobh leis.  Thaithn láimseáil an phump go mór leis an moltóir.  Buntáiste an-mhór don áit ná na crainn a thugann fothain agus a thugann an dúlra isteach go ceartlár an tsráidbhaile.

### Wildlife and Natural Amenities:

Caithfidh go bhfuil fiashaol raidhsiúil timpeall ar An Spidéal leis an bhfarraige, leis na crainn, leis na fallaí agus leis an aolchloch.  Is maith an áis an tsiúlóid idir an dá ché.   Tá tuilleadh pleananna agaibh chun deis a thabhairt do dhaoine sásamh a bhaint as an saibhreas iontach seo is go n-éirí libh.  Tuigeadh don mholtóir nach raibh dóthain eolais faoin bhfiashaol atá thart fógraithe nó foilsithe ar bhoird eolais.  Mar ar moladh díbh anuraidh b'fhéidir go bhféadfadh sibh tacaíocht na scoile a fháil anseo chun suirbhé a dhéanamh.

### Litter Control:

Tá na boscaí bruscair i ngach áit agus cuma maith orthu.  Tá siad in úsáid freisin.  Is beag den bhruscar a bhi le feiceáil agus níor thangthas ar dhumpáil ar bith.  Thaithin an fógra 'Coinnigh an Slinneán Glan' go mór liom, cé go raibh níos mó i gceist ná brúscar.  Ba mhaith an rud é a bheith níos gníomhaí chun scéimeanna a chur i bhfeidhm chun cruthú an bhruscair a laghdú.  Chabhródh plean meán téarmach libh sa chás seo.

### Waste Minimisation:

Pé obair a rinne sibh ag an banc athchúrsála d'éirigh go geal libh mar d'fhéadfá é a úsáid mar phláta dinnéir. Bheadh náire ar dhuine an áit a shalú nuair a d'fheicfeadh sé/si na bláthanna is na ráilí áille dearga.  Togha. Tá an bosca athchúrsála eile ag an gcé eile, nach bhfuil ar an léarscáil, an-mhaith freisin.  Is maith ann é an scéim le Spar leis na málaí ath-úsáidthe.  Is maith an rud é go bhfuil sibh ag gríosadh na scoileanna chun Gradam an Bhrait Ghlais a bhaint amach.  B'fhiú samplaí den obair atá ar siúl ins na scoileanna a chur isteach leis an iarratas.   Níor thaithin cuid des na ráitis faoin roinn seo leis an moltóir mar bhí siad ró ghinerálta agus ní raibh aon fhianaise ann gur tharla aon rud mar shampla:  Composting information evening to be organised.  Ar tharla a leithéid?  Má tharla cad a tháinig as?

### Tidiness:

Tá cuma na maitheasa ar an sráidbhaile gan dabht.  Cabhraíonn dea-dhéanamh is dea-thógáil na bhfallaí leis an bpictiúr sin.  Ach coiméad na fichillí faoi smacht. Tá an-chuid fhógraíochta le tabhairt faoi ndeara ar thaobh an bhóthair.  Bhfuil gá leis?   Bhfuil sí dleathach?  Fadhb mhór don sráidbhaile ar fad an trácht.   Is beag graffiti a bhi le feiscint ach amháin i gcarr chlós amháin.

### Residential Areas:

Ni hamháin go bhféachann tithe aonair ar thaobh na mbóithre go hálainn ach tugtar aire don limistéar taobh amuigh den teach ar an mbóthar de ghnáth.  Tá idir thithe nua is tithe ó ghlúnta eile anseo agus méadaíonn an éagsúlacht  an spéis.  Tá cuma bródúil ar na heastáid tithíochta freisin cé go bhfuil gá le héagsúlacht a chruthú sna heastáit idir theach amháin is teach eile tré thírdhreacadh nó an bán a athrú go dath éigin eile. Tá aire á thabhairt dos na glasáin oscailte chun gur féidir iad a úsáid agus féachann siad taithneamhach.

Cabhróidh ‘An Móinéar’ ar ball le híomhá an bhaile. Áit álainn agus ainmchloch iontach ag ‘An Tulán Cleasach’ ach bhí eastáid eile ann nach bhfaca aon ainm air.

### Roads, Streets and Back Areas:

Fógraítear An Spidéal don saol mór le hainmchloch breá ag dhá thaobh an phríomhbhóthair agus le bláthcheapach ildaite. Ó na comharthaí sin tosnaíonn obair an choiste mar tá an taistealaí ar a aire as seo amach ag faire amach don áit seo An Spidéal. Mar sin caithfear taobhanna an bhóthair a choiméad lomtha, néata. Tá fallaí breátha ar thaobh an bhóthair a stiúraíonn súile an taistealaí mar sin caithfear deimhin a dhéanamh de nach bhfuil siad briste síos in áit ar bith. Tá fadhb leis an bhfalla in áiteanna ar an mbóthar go Gaillimh agus leis an bhfalla síos go dtí an dara cé. Coiméad smacht ar fhógraíocht. Coiméad smacht ar fhichillí ag bun fallaí.

### General Impression:

Tá an fhorbairt atá ar siúl san sráidbhaile ag teacht le híomhá de sráidbhaile oidhreachta san nGaeltacht. Tá seans maith go leanfaidh an fhorbairt seo mar sin ní mór do dhaoine a bheith san airdeall. Bhí moltóir na bliana seo caite ag gearán nach bhfuair sé dóthain eolais. Tá moltóir na bliana seo ag rá gur mhaith leis tuilleadh fianaise ar an deileáil atá agaibh leis na heagrais éagsúla, leis an bpobal agus leis na scoileanna. Ba mhaith leis an moltóir seo freisin Plean a fheiscint scríofa síos ar bhur bpictiúr den Spidéal amach anseo agus ar an gcaoi a rachaidh Coiste na mBailte Slachtmhara san Spidéal i bhfeidhm ar an Spidéal a bheas ann don chéad ghlún eile.